# Cúrsa Gearr
# Taibhiú Ealaíne
## Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach

Meitheamh 2014

# Clár


Leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 **Réasúnaíocht**

Leathanach 5 **Aidhm**

Leathanach 6 **Naisc**

Leathanach 10 **Forbhreathnú ar an gcúrsa**

Leathanach 12 **Ionchais Maidir le Mcoláirí**

13 **Snáithe 1:** Taithí ar na hEalaíona

14 **Snáithe 2:** Pleanáil agus ullmhúchán

15 **Snáithe 3:** Rannpháirtíocht agus Taibhiú

Leathanach 18 **Measúnú agus teistiúchán**

Leathanach 23 **Aguisín 1:**
Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

# Intreoir don tsraith shóisearach

Suíonn oideachas na sraithe sóisearaí scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, ag cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí, agus bheith ina scoláirí seiftiúla muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol. Cuimsíonn an tsraith shóisearach gach scoláire agus cuireann sí le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíocht agus torthaí don uile dhuine.

Ligeann an tSraith Shóisearach do scoláirí ceangal níos mó a dhéanamh leis an bhfoghlaim trí dhíriú ar cháilíocht na foghlama a thiteann amach agus trí eispéiris a thairiscint atá spreagúil agus taitneamhach dóibh, agus bainteach lena saol. Tá ardcháilíocht ag roinnt leis na heispéiris seo, cuireann siad go díreach le leas fisiceach, meabhrach, agus sóisialta na scoláirí, agus nuair is féidir, tugann siad deiseanna dóibh a gcumais agus a dtallanna a fhorbairt i réimsí na cruthaitheachta, na nuála agus na fiontraíochta. Tógann clár sraith shóisearach an scoláire ar an bhfoghlaim a rinne siad ar an mbunscoil. Tacaíonn sé le breis dul chun cinn ina gcuid foghlama. Cabhraíonn sé le scoláirí na scileanna foghlama a fhorbairt a bheidh ina gcúnamh acu agus iad ag tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil tar éis na scoile.

# Réasúnaíocht

In oideachas a fhéachann le tacú le forbairt an duine iomláin is rud bunúsach é bheith ag foghlaim faoi agus trí na healaíona. Trí fheasacht agus tuiscint bheith acu ar na healaíona, agus baint bheith acu leo, feadann scoláirí teacht isteach ar shaol saibhir cruthaitheachta, samhlaíochta agus nuálaíochta (Cairt um Ealaíona san Oideachas, 2012). Dearbhaíonn Forógra NA Chearta an Duine (Alt 27) ceart an uile dhuine chun 'páirt a ghlacadh i saol cultúrtha na tíre, agus tairbhe a bhaint as na healaíona'.

Is rud taitneamhach ag scoláirí é bheith ag foghlaim i réimse an taibhithe ealaíne, mar gur rud teagmhálach é, ina mbíonn na rannpháirtithe gafa go hiomlán i ngrúpghníomhaíochtaí praiticiúla. Cothaíonn sé idir fhorbairt sainscileanna na foirme ealaíne agus réimse de scileanna inaistrithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in iarrachtaí comhoibríocha eile. Trí ghluaiseacht, fuaim, siombail agus íomhá, is féidir leis na healaíona smaointe cruthaitheacha daoine a thiontú ina saothair léiritheacha a chuireann mothúcháin, bríonna agus léirmhínithe in iúl do lucht féachana. Cé go dtarraingíonn sé ar réamheispéiris na scoláirí, soláthraíonn sé freisin deiseanna do scoláirí chun scileanna nua a fhorbairt; feidhmíonn an taibhiú mar dhúshlán agus mar fhoinse sástachta nuair a thugtar smaoineamh ó cheapadh go réadú.

# Aidhm

Is í an aidhm ata leis an ngearrchúrsa seo i dTaibhiú Ealaíne scoláirí a ghabháil i gcleachtais ealaíne le daoine eile, trí struchtúr a thabhairt dóibh is féidir a úsáid chun tionscnaimh shamhlaíocha agus chruthaitheacha aonair agus chomhoibríocha a éascú, as a dtiocfaidh taibhiú grúpa[1.]

1 Nuair a úsáidtear taibhiú sa doiciméad, léitear 'láithriú', 'imeacht', 'taispeántas' nó 'léiriú(chán)'.

# Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh a leanann conas is féidir ***Taibhiú Ealaíne*** a nascadh le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach.

## Ráitis Foghlama (RF)

| Ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha sa chúrsa |
|---|---|
| Cruthaíonn agus léiríonn an scoláire saothair ealaíne agus tá tuiscint acu ar na próisis agus ar na scileanna a bhaineann leo.<br>*RF 4* | Smaoiníonn na scoláirí ar na próisis agus ar na scileanna uile a chuidíonn le léiriúchán a dhéanamh. Foghlaimíonn siad conas léirmheastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar chuid oibre daoine eile. Spreagtar iad chun bheith nuálach agus chun cruthaitheacht a thaispeáint tríd an bpróiseas ina ndéanann siad taibhiú ealaíne |
| Tugann an scoláire smaoineamh ó cheapadh go réadú.<br>*RF 23* | Oibríonn scoláirí amach coincheap cruthaitheach agus cinneann siad conas é a chur i gcrích.<br>Éilíonn sé sin páirt a ghlacadh i bpróiseas struchtúrtha réiteach fadhbanna, ar nós conas pictiúr a phéinteáil agus é a bheith ina chuid de thaispeántas; conas scannán a dhéanamh; conas dráma a chur ar ardán nó taibhiú ceoil a dhéanamh, trí na céimeanna taighde, ransú smaointe, beartú tosaíochta, cleachtadh, feabhsú, léiriú, taifead, measúnú agus athmhachnamh/ smaointeoireacht.<br>Agus an taibhiú deiridh á eagrú teagasctar scileanna bainisteoireachta [loighistic/ airgeadas], promóisin [lucht féachana a spriocaimsiú agus riar orthu] agus eagrúcháin.. |
| Déanann an scoláire cumarsáid éifeachtach ag úsáid modhanna éagsúla i réimse comhthéacsanna sa *T1*<br>*RF 1* | Forbraíonn scoláirí scileanna cumarsáide ar bhealaí éagsúla: tríd an gcumarsáid ó bhéal ar comhartha sóirt í dá lán den obair chomhoibríoch; trí thaifead pearsanta turas foghlama; trína gcuid machnamh leanúnach léirmheastóireachta ar an bhfoirm ealaíne a bhfuil siad ina ceann agus/ nó trí mheáin éagsúla a úsáid chun príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl do sprioclucht féachana |
| Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí oiriúnacha chun dúshlán dearaidh a shárú<br>*RF 20* | Spreagtar scoláirí chun teicneolaíochtaí digiteacha agus meáin éagsúla a úsáid chun tacú lena gcuid oibre |

## Litearthacht agus Uimhearthacht

Tá scileanna litearthachta agus uimhearthachta neadaithe trasna gach ceann de na snáitheanna sa ghearrchúrsa seo agus tá siad fite isteach sna torthaí foghlama.

Forbraíonn scoláirí a gcuid scileanna litearthachta mar go dtugtar deiseanna dóibh go minic chun plé a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar a mbíonn ar siúl acu. Amanna tabharfaidh an gearrchúrsa seo deiseanna don mhúinteoir bheith gníomhach i mbun scoláirí a chóitseáil i scileanna óráidíocht phoiblí. Agus na scoláirí ag éisteacht lena chéile agus ag foghlaim conas treoracha a leanúint, forbraítear a gcuid scileanna éisteachta. Tugann tionscadal a bhaineann le ceol nó leis an bhfocal labhartha deiseanna chun mothálacht agus feasacht ar chumhacht na fuaime a chur chun cinn.

Forbraíonn siad a gcuid scileanna scríbhneoireachta trí iomad deiseanna le haghaidh féinléiriú cruthaitheach agus chomh maith leis sin trí cháipéisí feidhmiúla a ullmhú atá bainte leis an tionscadal (amhail ábhair bholscaireachta, catalóga, póstaeir agus fortheidil a scríobh).

Tá na deiseanna chun scileanna uimhearthachta a fhorbairt sa ghearrchúrsa seo ag brath ar nádúr an tionscadail. Áirítear i measc féidearthachtaí:

Le haghaidh aon phróisis dearaidh, tomhas, scála, réiteach a dhéanamh:– do sheit ardáin, spás taispeántais, taipéis bhalla, múrphictiúr, dealbhóireacht nó déanamh samhaltán

Ríomh: An méid ábhair– fabraic, adhmad, miotal, cré – atá de dhíth a oibriú amach nó méideanna le haghaidh freastal a dhéanamh, clár a tháirgeadh, páipéar agus priontáil.

Coincheapa a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna: béim an tionscadail a nascadh leis na hacmhainní ata ar fáil, suimeanna/scileanna scoláirí, scileanna pearsanta a roghnú atá oiriúnach do ró(i)l a sannadh dóibh, sceidil a eagrú chun spriocdhátaí a bhaint amach, scileanna a aistriú a foghlaimíodh i réimsí eile.

Bainistiú airgid: an tionscadal, turais scoile/cuairteanna a chostáil, taifead airgeadais den ioncam agus den chaiteachas a choimeád; ag plé le sonraisc agus le hadmhálacha; ag fostú agus ag ceannach.

Anailís staitistiúil: suirbhéanna nó ceistneoirí a dhéanamh; anailís a dhéanamh ar na freagraí; céatadáin a úsáid chun na torthaí a léiriú; cairteacha agus fíoracha chun an fhaisnéis a chur i láthair;

Bainistiú ama: sceidil a chleachtadh; amlíne chun an próiseas a chríochnú laistigh den am a leithdháileadh don chúrsa.

## Príomhscileanna eile

Tá roinnt míreanna ag gach príomhscil a shoiléiríonn an t-eolas, na scileanna agus na meonta (an mhéin) a bhaineann leis an bpríomhscil sin. Tá na míreanna agus a dtorthaí foghlama leagtha amach go mion in *Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí*. Tá deiseanna ann chun tacú le gach príomhscil sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh atá níos tábhachtaí ná a chéile. Léiríonn na samplaí thíos iad siúd atá bainteach leis na gníomhaíochtaí foghlama sa Taibhiú Ealaíne. Is féidir le múinteoirí a lán de na míreanna eile a bhaineann le príomhscileanna ar leith a fhí isteach ina bpleanáil ranga.

| An Phríomhscil | Mír na príomhscile | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| Bheith cruthaitheach | Ag samhlú<br>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh | Foghlaimíonn scoláirí chun freagairt go samhlaíoch do spreagthaí a tharraingítear as foinsí ealaíne. Cuireann siad in iúl mothúcháin, smaointe agus tuairimí tríd an meán ealaíne a roghnaíodh, ag tógáil rioscaí agus ag foghlaim ó mheancóga.<br>Téann scoláirí i mbun díospóireachta, plé agus ransú smaointe. Meabhraíonn siad ar roghanna agus ar mhalairtí, ag triail agus ag meas cuir chuige dhifriúla. Leanann siad den phróiseas go dtí go gcuirtear i gcrích é. |
| Obair le daoine eile | Dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus aighneas a réiteach<br>Comhoibriú | Caitheann scoláirí am ag éisteacht go gníomhach lena chéile agus ag roinnt smaointe go hionraic agus go mothálach. Foghlaimíonn siad chun meas a bheith acu ar thuairimí daoine eile agus mar sin de aighneas a chosc agus a bhainistiú.<br>Socraíonn scoláirí ar chomhspriocanna, oibríonn siad go dian agus comhghéilleann siad chun iad a bhaint amach, ag léiriú measa d'ionchur daoine eile i bhforbairt léiriúcháin an ghrúpa. |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne bheith agam orm féin<br>Bheith ábalta machnamh ar mo chuid foghlama féin<br>Cinntí meabhracha a dhéanamh | Foghlaimíonn scoláirí chun láidreachtaí agus laigí pearsanta a aithint agus a mheabhrú, cabhair a lorg agus bheith oscailte don léirmheastóireacht ar dhóigh a éascaíonn athbhreithniú agus feabhsú.<br>Foghlaimíonn scoláirí an tábhacht a bhaineann le cíoradh ceart a dhéanamh ar a gcuid cinntí agus conas a rachadh a ngníomhartha i gcion ar dhaoine eile agus ar an bpróiseas i gcomhar. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil<br>Teicneolaíocht a úsáid chun eolas a rochtain, a bhainistiú agus a roinnt | Foghlaimíonn scoláirí chun na toimhdí nó na barúlacha a bhíonn acu féin agus ag daoine eile a cheistiú agus smaointeoireacht a athbhreithniú/ a chur in oiriúint i bhfianaise eolas nua.<br>Úsáideann scoláirí an teicneolaíocht agus na meáin dhigiteacha mar uirlisí taighde chun eolas a bhailiú, eolas a chur in iúl agus/nó chun léiriú cruthaitheach a dhéanamh. |
| Cumarsáid | Ag éisteacht agus do mo chur féin in iúl<br>Ag léiriú agus ag láithriú | Déanann scoláirí cumarsáid ag úsáid stíleanna difriúla de réir na hócáide. Foghlaimíonn siad chun comharthaíocht choirp a úsáid agus iad féin a chur in iúl ar dhóigh oiriúnach.<br>Cuireann siad mothúcháin agus príomhtheachtaireachtaí in iúl trína ról sa léiriú. Cinneann siad cén chaoi is fearr chun cumarsáid a dhéanamh lena lucht féachana ag úsáid stíleanna agus meáin éagsúla. |

| An Phríomhscil | Mír na príomhscile | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| Fanacht folláin | Bheith dearfach faoin bhfoghlaim<br>Bheith muiníneach | Sa ghearrchúrsa seo, baineann scoláirí taitneamh agus spraoi as an bhfoghlaim. Foghlaimíonn siad conas fanacht i gceann tionscadail, agus a mbua a cheiliúradh ag an deireadh.<br>Forbraíonn scoláirí a muinín agus iad ag glacadh páirte sa chinnteoireacht laistigh den ghrúpa, ag seasamh siar ón slua nuair is gá. Úsáideann siad measúnú ón múinteoir, óna bpiaraí agus féinmheasúnú chun feabhas a dhéanamh. Forbraíonn siad teacht aniar i bhfianaise deacrachtaí agus braistint sástachta nuair a éiríonn leo. |

# Forbhreathnú ar an gcúrsa

**Snáithe 1:** Taithí ar na hEalaíona

**Snáithe 2:** Pleanáil agus Ullmhúchán

**Snáithe 3:** Rannpháirtíocht agus Taibhiú

Tá an tsonraíocht don Taibhiú Ealaíne leagtha amach mar chreatcháipéis a thugann foráil do sholúbthacht an chur i bhfeidhm agus an léirmhínithe le go mbeidh sé ag teacht leis an raidhse disciplíní ealaíne a d'fhéadfadh bheith mar fhócas an ghearrchúrsa seo. Thiocfadh gurb é an fócas sin

- dráma scoile nó ceoldráma a chur ar ardán
- taispeántas ealaíne nó fótagrafaíochta bunaithe ar théama áirithe
- scripteanna, eagarthóireacht agus scannánú script scannáin
- eagrúchán agus léiriúchán ceolchoirme
- gníomhaíochtaí eile atá bunaithe ar na healaíona a mbíonn taibhiú ann ina ndeireadh.

**Snáithe 1**: Tá Taithí ar na hEalaíona deartha sa chaoi go mbeidh fíoreispéiris ag na scoláirí ar na healaíona, ionas gur féidir leo tosú a chaint ar agus a mheas taibhithe ealaíne. Tríd an taithí seo, gheobhaidh scoláirí léargas ar an rud ata an ealaín a chur trasna, ar an gcaoi a gcuirtear trasna é, agus chun meabhrú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh bheith acu féin sa grúpthaibhiú deiridh. Ba chóir do scoláirí taifead a choimeád dá gcuid breathnuithe agus iad a chur i siurnal, a bheidh mar chuid den mheasúnú don teistiúchán.

**Snáithe 2**: Pleanáil agus ullmhúchán bogfaidh scoláirí ar aghaidh chuig plean agus ullmhóidh siad don taibhiú a bhfuil siad ag dul a bheith bainteach leis. Chun sin a dhéanamh, beidh orthu meabhrú ar dtús ar a gcuid láidreachtaí féin agus ar chuid daoine eile chun cinntí a dhéanamh ar na róil léirithe/neamhléirithe a ghabhfaidh siad chucu féin. Rachaidh scoláirí i gceann gníomhaíochtaí ansin ar bhonn aonair agus comhoibríoch, chun na scileanna atá ag teastáil a fhorbairt le go mbeidh rath orthu ina ról ar leith. Is féidir é sin a dhéanamh trí thaighde, tuilleadh breathnuithe agus eispéireas mar atá leagtha amach i snáithe 1, saineolas seachtrach nó inmheánach a úsáid, freastal ar na réamhléirithe agus cleachtadh go minic. I rith an phróisis seo, beidh ar scoláirí arís a gcuid breathnuithe ar fhorbairt a scileanna a chur isteach i siurnal agus mionsonraí a scríobh ar an bpróiseas pleanála a leanadh.

**Snáithe 3**: Tugann Rannpháirtíocht agus taibhiú eispéiris na n-ealaíon mar bhreathnóir agus mar rannpháirtí le chéile sa ghrúpléiriú deiridh. Ba chóir go dtaispeánfadh an taibhiú na scileanna a foghlaimíodh sa disciplín roghnaithe agus go gcuirfeadh sé é sin in iúl don lucht féachana. Is cuid lárnach den siurnal machnaimh é an machnamh a dhéantar ar an léiriú deiridh. Ba chóir go mbeadh sonraí sa mhachnamh deiridh ar a ról sa léiriú, léirmheas ar an ról sin, agus léargas ar na scileanna a foghlaimíodh a thiocfadh a úsáid i réimsí eile.

Laistigh de dhisciplín ealaíne ar bith, tá litearthachtaí ealaíne ar leith, (briathartha agus neamhbhriathartha), gnásanna agus scileanna atá le forbairt; agus is amhlaidh a ceapadh an creat seo ionas gur féidir le scoláirí bheith gafa le agus rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ealaíne d'ardchaighdeán agus a dtagann feabhas agus forbairt ar a gcuid scileanna ealaíne féin dá mbarr agus, ansin, na scileanna nuafhoghlamtha seo a chur in iúl do lucht féachana. Le linn forbairt na sainscileanna ealaíne seo a chur chun cinn, forbraítear freisin réimse de scileanna inaistrithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in iarrachtaí comhoibríocha eile.

Tá na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo ailínithe leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh tuairim is 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí.

# Ionchais Maidir le Mcoláirí

Agus an tsonraíocht á foilsiú ar líne, bainfear úsáid as samplaí d'obair scoláirí chun na hionchais maidir le scoláirí a léiriú sa ghearrchúrsa. Beidh na samplaí seo anótáilte agus bainfidh siad go díreach le toradh foghlama nó le grúpaí de thorthaí foghlama.

I gcás gearrchúrsaí i réimsí nua foghlama, amhail Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna hEalaíona, cruthófar roinnt samplaí taispeántacha d'obair scoláirí chun múinteoirí agus scoláirí a threorú le linn bhlianta tosaigh an chúrsa.

# Snáithe 1: Taithí ar na hEalaíona

## Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| Taithí ar na hEalaíona | 1.1. breathnú ar léirithe ealaíne ardcháilíochta ag daoine eile, lena n-áirítear obair ealaíontóirí gairmiúla, chun blaiseadh den sárshaothar<br>1.2. anailís a dhéanamh ar an gcomhthéacs ina ndéantar léirithe ealaíne trí bhreathnú agus trí rannpháirtíocht.<br>1.3. critíc a dhéanamh ar an méid atá an fhoirm ealaíne a chur in iúl<br>1.4. anailís a dhéanamh ar ábharthacht agus ar oiriúnacht an mhodha chumarsáide.<br>1.5. meabhrú ar a gcuid eispéireas chun bonn eolais a chur faoin tionscadal cruthaitheach aonair nó comhoibríoch a nglacfaidh siad páirt ann |

# Snáithe 2: Pleanáil agus ullmhúchán

## Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| An ghníomhaíocht chruthaitheach chomhoibríoch a aimsiú | 2.1. éisteacht agus cur le smaointe daoine eile<br>2.2. roghanna agus a n-impleachtaí a chur sa mheá<br>2.3. fianaise phraiticiúil a thabhairt ar na láidreachtaí agus ar na buanna a thugann siad don ghníomhaíocht<br>2.4. cabhrú le measúnú ar na láidreachtaí sin chomh maith le cinn eile a aithint a ba mhaith leo a fhorbairt<br>2.5. cumas a thaispeáint chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas go dáta, tátail a bhaint as agus tagairt dá mbainteacht leis an tionscadal ina iomláine. |
| Sainscileanna a chleachtadh agus a fhorbairt | 2.6. freagrachtaí a ghlacadh orthu féin le haghaidh róil a oireann dá gcineálacha cumais<br>2.7. taighde agus acmhainní oiriúnacha a úsáid a ligeann dóibh forbairt sa ról a roghnaigh siad/ a tugadh dóibh<br>2.8. bheith ag obair go neamhspleách ar agus i gcomhar lena bpiaraí araon<br>2.9. tiomantas a léiriú maidir le spriocdhátaí a bhaint amach agus/nó freastal ar réamhléirithe<br>2.10. forbairt agus fás a léiriú i riar scileanna ealaíne le himeacht aimsire.. |

# Snáithe 3: Rannpháirtíocht agus Taibhiú

## Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le… | Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta… |
|---|---|
| A gcuid oibre a roinnt | 3.1. cur ina n-aonar agus i gcomhar leis an taibhiú ealaíne chun teacht ar réiteach do na dúshláin ealaíne a tugadh i snáithe 2 |
| | 3.2. cumarsáid a dhéanamh go hiomchuí le piaraí, le múinteoirí, le ceannairí agus leo siúd a bhíonn ag freastal ar an imeacht |
| | 3.3. scileanna a thaispeáint a foghlaimíodh sa disciplín ealaíne a roghnaíodh agus iad a léiriú go héifeachtach ina rogha róil. |
| Ag meas agus ag léirmheastóireacht | 3.4. meabhrú ar an léiriú deiridh inar ghlac siad páirt ag smaoineamh faoina ról féin ann agus ról daoine eile |
| | 3.5. na scileanna agus an t-eolas atá faighte acu a aithint, agus a n-inaistritheacht chuig réimsí eile dá saol agus dá gcuid foghlama a chur in iúl. |
| | 3.6. cur le léirmheas dearfach ar obair a gcuid piaraí. |

## An chuma a d'fhéadfadh bheith ar an gcúrsa i scoileanna

Leagann an roinn seo amach an chuma a d'fhéadfadh bheith ar an ngearrchúrsa *Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna hEalaíona* i scoil. Tá trí snáitheanna an chúrsa ceangailte le chéile agus le linn an chúrsa déantar obair ar na torthaí foghlama a bhaineann leo. Níl an cúrsa líneach nó seicheamhach sa mhéid sin. Tá na gníomhaíochtaí a dtéitear i ngleic leo trasna na snáitheanna deartha sa dóigh is go dtiocfaidh forbairt dá mbarr ar na scileanna sa disciplín a roghnaíodh agus bíonn siad ag teacht lena chéile agus ag cur lena chéile. Ar an gcaoi sin, tá na gníomhaíochtaí ealaíne: breathnú, cruthú agus léiriú bainte lena chéile agus cuireann siad ar fad le heispéiris ealaíne d'ardchaighdeán a ghiniúint.

**Céim 1**: Is é tús an phróisis an disciplín ealaíne a roghnú a thabharfaidh fócas don ghearrchúrsa. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo i réimsí difriúla, cuir i gcás: drámaíocht, ceol/ceoldrámaíocht, damhsa nó na físealaíona. Nuair a bheidh an grúpa ranga agus an múinteoir ar aon intinn faoin disciplín ealaíne, beidh orthu aontú ar théama nó ar fhócas oiriúnach. D'fhéadfaí teacht ar an tuiscint chomhaontaithe seo trí mholtaí ó na scoláirí nó ón múinteoir agus d'fhéadfadh sé go mbreathnófaí ar thaibhithe eile mar chuid den phróiseas chun oiriúnacht agus inathraitheacht fhéideartha an téama i leith shuíomh na scoile a oibriú amach.


**Céim 2:** Beidh ar scoláirí blaiseadh de agus breathnú ar imeachtaí ardchaighdeáin sa disciplín a roghnaíodh, machnamh ar an méid a chonaic siad agus bheith meabhrach ar an ról a d'fhéadfadh a bheith acu féin sa taibhiú. Trí fhiosrú, léirmhíniú agus léirmheastóireacht a dhéanamh ar a bhfaca siad, tosóidh scoláirí a thuiscint na ngnéithe ilchodacha idircheangailte a thagann le chéile chun taibhiú ardcháilíochta a chruthú. Le linn measúnú a dhéanamh ar léiriú ealaíne is gnéithe iad seo a leanas a d'fhéadfadh bheith i gceist sa léirmheas: stáitsiú agus dearadh seit, forbairt phlota, téamaí agus carachtair a iniúchadh, seánra, comhthéacs stairiúil, dearadh cultacha, smideadh, dearadh soilsithe, dearadh fuaime agus na scileanna cumarsáide a léirigh na taibheoirí. Ba chóir go ndéanfadh an scoláire machnamh ar phríomhtheachtaireachtaí an léirithe, conas a cuireadh iad in iúl agus conas a d'fhreagair an lucht éisteachta/féachana dóibh. D'fhéadfadh freagairt phearsanta bheith mar chuid den bhreathnú léirmheastóireachta seo ina leagann an scoláire amach cúiseanna ar leith ar thaitin nó nár thaitin an taibhiú leo a chonaic siad.

**Céim 3:** I ndiaidh plé a dhéanamh ar na breathnuithe a rinneadh ó na céimeanna roimhe seo, féachfar ar dháileadh na ról léirithe agus neamhléirithe/teicniúla. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí phróiseas éisteachtaí agus/nó trí réimse spéise scoláirí a aithint tar éis a gcuid taithí ar ghníomhaíochtaí ealaíne sna céimeanna roimhe seo. Ag an staid seo ní mór leathnú a dhéanamh ar an gcoincheap aontaithe ionas go mbeidh comhthuiscint ann ar an am agus ar an áit a gcuirfear ar ardán é, eolas ar an lucht féachana beartaithe, conas a dhéanfar margaíocht ar an taibhiú, an tacaíocht theicniúil a bheidh ag teastáil, agus aontú ar nádúr agus ar dhintiúir na ról difriúil a bheidh de dhíth. I rith na céime pleanála seo, ba chóir go mbeadh na scoláirí i gcónaí meabhrach ar na saincheisteanna dlíthiúla a thiocfadh teacht i gceist amhail iarratas a dhéanamh ar chearta an taibhithe más cuí agus céimeanna eile sláinte agus sábháilteachta ba ghá a chur san áireamh.

**Céim 4:** An chéad rud eile, céim na gcleachtaí, mar a thugann scoláirí faoi scileanna a fhorbairt atá sainiúil dá rogha róil. Ag an staid seo, briseann an grúpa suas, agus téann na scoláirí go gníomhach i gceann gníomhaíochtaí agus eispéireas a chuirfidh barr feabhais ar fhorbairt a gcuid scileanna ina sainréimse spéise. Thiocfadh leis an ngrúpa taighde a dhéanamh ar acmhainní agus iad a úsáid chun cabhrú le forbairt na scileanna sin d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim den chaighdeán is airde. D'fhéadfadh gur saineolaithe iad na hacmhainní seo atá ar fáil ag an scoil, léirmhínithe éagsúla ar líne agus digiteacha de thaibhithe comhchosúla, nó saineolas eile inmheánach a thiocfadh a úsáid. Tá nasc siar idir an chéim seo agus an chéim fiosraithe agus léirmhínithe roimhe seo, (céim a dó), mar gur féidir le grinnbhreathnú ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu bheith ina siocair le breis feabhais a chur ar shainscileanna aitheanta. Ta an chuid seo den phróiseas líon lán d'éiginnteacht, glacadh rioscaí agus teannas agus na scoláirí ag iarraidh a gcuid scileanna aonair agus a ngníomhartha aonair cruthaitheachta agus foghlama a chur in oiriúint d'eispéireas an ghrúpa. Trí bhíthin phróiseas na gcleachtaí is féidir le scoláirí a lán smaointe, gníomhaíochtaí agus baic chontrártha a athrú ina bhfoirm aontaithe amháin: an taibhiú.

**Céim 5:** Is í an chéim dheireanach an grúpthaibhiú é féin, buaic an phróisis bheith ag tabhairt an smaoinimh ó cheapadh go réadú. Ba chóir go dtarraingeodh an t-imeacht seo ar na scileanna, eolas agus tuiscint a fuarthas trí pháirt a ghlacadh sna healaíona agus a forbraíodh trí phróiseas na gcleachtaí. Ligeann sé do na scoláirí a gcuid smaointe cruthaitheacha a athrú ina saothar eispriseach a chuireann mothúcháin, bríonna agus léirmhínithe in iúl do lucht féachana. I ndiaidh an léirithe, ba chóir go gcuirfeadh gach scoláire measúnú ar a rannpháirtíocht sa taibhiú deiridh isteach ina siurnal agus tuairim faoi fhreagairt an lucht féachana i leith an léirithe. Is tábhachtach freisin meabhrú ar an méid a foghlaimíodh ón eispéireas seo agus conas ab fhéidir é a chur i bhfeidhm i dtionscadail eile dá shamhail nó in eispéiris foghlama eile. Thiocfadh freisin léirmheasanna piaraí nó cairde critice a chur isteach sa mhachnamh deireanach.

**Léiriú amhairc ar phróiseas an Taibhithe Ealaíne:**



# Measúnú agus teistiúchán

Taobhaíonn an gearrchúrsa seo le réimse leathan cuir chuige i leith an mheasúnaithe. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá fóirsteanach do mheasúnú aon uaire, i dtaca le cinn eile is measúnú ar bhonn leanúnach is fóirsteanaí dóibh agus scoláirí ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí difriúla foghlama mar shampla: ag plé, ag cleachtadh, ag míniú, ag déanamh taighde, ag cur i láthair, ag pleanáil, agus ag dul i mbun gnímh. Sna comhthéacsanna seo, i gcomhar lena gcuid múinteoirí, déanann scoláirí machnamh ar agus tugann siad breithiúnas ar a gcuid féin foghlama agus ar fhoghlaim daoine eile trí amharc ar ghnéithe cáilíochta míreanna áirithe oibre. Pleanálann siad na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama agus déanann measúnú rialta ar a ndul chun cinn i dtreo spriocanna aontaithe, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann siad. Tacaíonn measúnú leanúnach le scoláirí ar a dturas foghlama agus ina n-ullmhúchán don mheasúnú a bhaineann le teistiúchán an ghearrchúrsa.

## Measúnú don teistiúchán

Beidh an measúnú don teistiúchán scoilbhunaithe. Tá dhá thasc measúnaithe i gceist: **Siurnal Machnaimh** agus **Taibhiú** a mheasfar.

Déanfar na marcanna do na tascanna a ualú mar seo a leanas

| Siurnal Machnaimh | Taibhiú |
|---|---|
| 40% | 60% |

## Siurnal Machnaimh (40%)

Cruthaíonn scoláirí Siurnal Machnaimh chun cabhrú leo machnamh ar a gcuid eispéireas i mbun na n-ealaíon agus iad ag déanamh dul chun cinn sna trí snáitheanna. Is féidir an siurnal a bheith i bhfoirm scríofa, dhigiteach, fuaime nó físe, nó in aon fhoirm eile a mheasann an scoláire bheith fóirsteanach agus atá oiriúnach chun bunbhrí an mhachnaimh a tabhairt léi.

Ba chóir go bhfaighfí in iontrálacha an tsiurnail

- machnamh criticiúil ar an rogha-fhoirm ealaíne a breathnaíodh le linn an chúrsa
- taighde a rinneadh chun tacú le teagasc agus foghlaim an tseomra ranga
- machnamh ar na scileanna atá foghlamtha agus forbartha sa disciplín ealaíne
- teicnící agus straitéisí a fiosraíodh le linn pleanála agus cleachta
- measúnú ar a ról sa ghrúpthaibhiú deiridh; lena n-áirítear tuairimí ar an gcaoi a bhféadfaí na scileanna a foghlaimíodh a aistriú chuig eispéiris eile foghlama
- machnamh ar bheith ag obair mar bhall d'fhoireann

Thiocfadh leis na scoláirí na nithe seo a leanas a chur leis freisin:

- sceitsí den fheisteas, soilsiú agus dearadh seit
- cláir scéalta a úsáideadh chun an struchtúr a leagan amach
- grianghraif anótáilte de chleachtaí
- samplaí d'acmhainní agus de shaineolas eile a úsáideadh chun tacú le forbairt scileanna

Cuireann scoláirí iontrálacha lena siurnail ar bhonn rialta. Ta an bhéim ar smaointe agus ar léargais a bhailiú a bhíonn ag an scoláire tríd an bplé a bhíonn acu leis na healaíona. Feidhmíonn sé freisin mar insint agus mar mheasúnú ar an dul chun cinn a rinneadh.

Cé go n-iarrtar ar scoláirí a gcuid féin a dhéanamh den siurnal cuirtear in iúl dóibh go ndéanfaidh múinteoir seiceáil go tráthrialta a chinntiú go bhfuil iontrálacha siurnail á ndéanamh agus a thabhairt aiseolais chun tacú leis an bhfoghlaim. Tugann na scoláirí a gcuid siurnal suas ag deireadh an chúrsa nuair a bhíonn an measúnú ar an bpáirt a bhí acu sa taibhiú deireanach críochnaithe acu.

## Taibhiú (60%)

Ba chóir go dtabharfadh an grúpthaibhiú buaice na scileanna ábhartha go léir le chéile agus fianaise bheith ann ar fheabhsú agus ar thiomantas. Tá measúnú an taibhithe bunaithe ar na gnéithe cáilíochta faoi mar a bhaineann siad le ról an scoláire sa léiriú. Is féidir an measúnú a dhéanamh le linn fíor-ama nó trí mheascán den fhíor-am agus breathnú ar léiriú taifeadta.

**Réasúnaíocht do na tascanna measúnaithe**

Dearadh na tascanna measúnaithe in *Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna hEalaíona* chun fianaise a ghabháil den fhoghlaim a rinne scoláirí ar fud na snáitheanna. Is féidir leis an múinteoir i gcomhar leis na scoláirí tascanna measúnaithe eile a aimsiú do na scoláirí a bhfuil ciall acu dóibh a thacaíonn lena gcuid foghlama sa snáithe atá i gceist agus a dhoimhníonn í. Is féidir le scoláirí na gnéithe cáilíochta thíos a úsáid chun dúshlán a chur orthu féin agus ar a chéile agus iad ag freagairt do na tascanna measúnaithe ar bhealaí cruthaitheacha agus oilte.

Ceapann an **Siurnal Machnaimh** nádúr leanúnach na foghlama a bhaineann leis an ngearrchúrsa. Tugtar deiseanna do scoláirí chun blaiseadh d'eispéiris ealaíne agus léirmheas a thabhairt orthu mar bhreathnóir nó mar rannpháirtí. Ligeann sé sin do scoláirí machnamh a dhéanamh ar na próisis a bhfuil siad páirteach iontu agus an dul chun cinn ar fhorbairt a gcuid príomhscileanna a thaifead. Cabhróidh an fhorbairt scileanna seo – trí thaighde agus trí chleachtadh – cabhróidh sí leo ionchur níos fearr bheith acu sa taibhiú deireanach. Tá ionchur an scoláire aonair sa **Taibhiú** le fáil sa mheasúnú ar an léiriú. Is buaicimeacht é seo a tharraingíonn ar na scileanna, eolas agus tuiscint a fuarthas trí pháirt a ghlacadh sna healaíona. Tugann an taibhiú deis do scoláirí na scileanna seo a chur in iúl tríd an disciplín roghnaithe agus ba chóir go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú rialú teicniúil, cruthaitheacht, léirmhíniú agus obair foirne.

## Na príomhthorthaí foghlama atá le meas

Tarraingíonn na tascanna measúnaithe ar thorthaí foghlama ó gach cuid den chúrsa chomh maith le litearthacht, uimhearthacht agus príomhscileanna eile. Tá na torthaí a léirítear sa tábla thíos go háirithe an-tábhachtach i gcomhthéacs na dtascanna ar an Siurnal Machnaimh agus ar an Taibhiú:

| Siurnal Machnaimh | Taibhiú |
|---|---|
| 1.1, 1.2, 1.3, 1.5, 2.4, 2.5, 3.4, 3.5 | 3.1, 3.2, 3.3 |

## Gnéithe Cáilíochta

Leagtar amach thíos gnéithe cáilíochta a bhaineann le hobair scoláirí ar an Siurnal Machnaimh agus an Taibhiú. Is féidir le múinteoirí agus le scoláirí iad seo a úsáid, i dtéarmaí ginearálta, chun tacú lena bplé faoi agus lena mbreithiúnas ar an obair a rinneadh ar na tascanna measúnaithe. Le bheith níos sonraíche, is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun marcáil a dhéanamh ar obair scoláirí agus le linn cruinnithe modhnóireachta i dtreo dheireadh an chúrsa.

## Siurnal machnaimh

**Gradam**

- Léiríonn na hiontrálacha cumas chun léirmheas a dhéanamh ar eispéiris ealaíne ina bhfuil anailís dhomhain áititheach ar an gcomhthéacs agus léirmhíniú den scoth den rud atáthar á chur in iúl.
- Déanann na hiontrálacha taifead agus achoimre chuimsitheach den fhoghlaim thábhachtach agus d'fhorbairt scileanna a bhfuil teagasc ranga á chur i bhfeidhm agus taighde fhairsing neamhspleách mar bhonn leo.
- Tá na léargais an-sothuigthe ar fad agus is léir iontu scothleibhéil úrnuachta
- Tá machnamh den scoth ann ar inaistritheacht fhéideartha na foghlama seo chuig réimsí eile i saol an scoláire.

**Ardtuillteanas**

- Entries demonstrate an ability to critique artistic experiences with a strong analysis of context and a well-supported interpretation of what is being communicated.
- Entries record and summarise in detail significant learning and skills development informed by the application of classroom teaching and thorough independent research.
- Insights are very articulate and show very high levels of originality.
- There is a very high level of reflection on the potential transferability of this learning to other areas of the student's life.

**Tuillteanas**

- Léiríonn na hiontrálacha cumas chun léirmheas a dhéanamh ar eispéiris ealaíne ina bhfuil fianaise an-mhaith d'anailís comhthéacs, agus léirmhíniú an-mhaith den rud atáthar á chur in iúl le roinnt smaointe tacaíochta.
- Déanann na hiontrálacha taifead agus achoimre den fhoghlaim thábhachtach agus d'fhorbairt scileanna ag ardleibhéal a bhfuil teagasc ranga á chur i bhfeidhm agus taighde an-mhaith neamhspleách mar bhonn leo.
- Tá na léargais sothuigthe agus tá ardleibhéil fianaise ann ar smaointeoireacht nua.
- Ta ardleibhéal machnaimh ann ar inaistritheacht na foghlama seo chuig réimsí eile i saol an scoláire.

**Gnóthaithe**

- Léiríonn na hiontrálacha cumas chun léirmheas a dhéanamh ar eispéiris ealaíne le léirmhíniú maith den rud atáthar á chur in iúl agus le fianaise mhaith d'anailís chomhthéacs
- Déanann na hiontrálacha taifead agus achoimre mhaith den fhoghlaim thábhachtach agus d'fhorbairt scileanna, agus fianaise iontu ar theagasc ranga á chur i bhfeidhm agus ar thaighde maith neamhspleách.
- Tá na léargais réasúnta sothuigthe agus tá roinnt fianaise mhaith ann ar smaointeoireacht úrnua.
- Ta machnamh an-mhaith ann ar inaistritheacht na foghlama seo chuig réimsí eile i saol an scoláire.

**Gnóthaithe go páirteach**

- Taispeánann na hiontrálacha cumas a thaispeáint chun léirmheas a dhéanamh ar eispéiris ealaíne trí léirmhíniú gan doimhneacht ar an rud atáthar a chur in iúl, agus tá roinnt fianaise ann ar anailís chomhthéacs.
- Tá éifeacht áirithe sna hiontrálacha i dtaca le taifead agus achoimre a thabhairt den fhoghlaim thábhachtach agus d'fhorbairt scileanna agus tá fianaise theoranta iontu ar thaighde neamhspleách.
- Cuirtear na léargais i láthair ag leibhéal bunúsach agus tugann siad fianaise áirithe ar smaointeoireacht úrnua
- Tá roinnt machnamh bunúsach ann ar inaistritheacht na foghlama chuig réimsí eile i saol an scoláire.

## Taibhiú

**Gradam**

- Tugann an taibhiú sárléirmhíniú den stíl/téama ar a bhfuil an obair chomhoibríoch bunaithe.
- Taispeántar cruthaitheacht agus rialú teicniúil den chéad scoth atá oiriúnach do théama an taibhithe agus a chuireann leis.
- Úsáidtear, le sáréifeacht, gnéithe tacaíochta/cúnta agus scileanna a oireann don fhoirm ealaíne2 roghnaithe.
- Léirítear sárscileanna in obair le daoine eile agus tá an teagmháil leis an lucht féachana (mar is cuí) thar barr.

**Ardtuillteanas**

- Tugann an taibhiú léirmhíniú ag leibhéal an-mhaith den stíl/téama ar a bhfuil an obair chomhoibríoch bunaithe.
- Taispeántar leibhéal an-ard cruthaitheachta agus rialú teicniúil atá oiriúnach do théama an taibhithe agus a chuireann leis.
- Úsáidtear, le han-éifeacht, gnéithe tacaíochta/cúnta agus scileanna a oireann don fhoirm ealaíne roghnaithe.
- Léirítear scileanna an-éifeachtacha in obair le daoine eile agus tá an teagmháil leis an lucht féachana (mar is cuí) ag leibhéal an-ard.

2 Gnéithe amhail frapaí, solas, spás, foirm, comhdhéanamh, fuaim agus feisteas

**Tuillteanas**

- Tugann an taibhiú léirmhíniú ag leibhéal ard den stíl/téama ar a bhfuil an obair chomhoibríoch bunaithe.
- Tá ardleibhéal cruthaitheachta agus rialú teicniúil le feiceáil atá oiriúnach do théama an taibhithe agus a chuireann leis.
- Úsáidtear, le héifeacht an-mhaith, gnéithe tacaíochta/cúnta agus scileanna a oireann don fhoirm ealaíne roghnaithe.
- Léirítear scileanna éifeachtacha in obair le daoine eile agus tá an teagmháil leis an lucht féachana (mar is cuí) ag leibhéal ard.

**Gnóthaithe**

- Déantar iarracht mhaith sa taibhiú ar léirmhíniú den stíl/téama ar a bhfuil an obair chomhoibríoch bunaithe.
- Tá leibhéal maith cruthaitheachta agus rialú teicniúil le feiceáil atá oiriúnach do théama an taibhithe agus a chuireann leis.
- Rinneadh iarracht éigin chun gnéithe agus scileanna a chur isteach a oireann don fhoirm ealaíne roghnaithe.
- Tá na teagmhálacha agus an chumarsáid le baill eile an ghrúpa agus leis an lucht féachana teoranta ag leibhéal maith.

**Gnóthaithe go páirteach**

- Bhí beagán iarrachta le fáil sa taibhiú ar léirmhíniú den stíl/téama ar a bhfuil an obair chomhoibríoch bunaithe
- Bhí roinnt cruthaitheachta agus rialú teicniúil ann chun tacú leis an taibhiú.
- Rinneadh iarracht éigin chun gnéithe agus scileanna a fhí isteach a chuirfeadh leis an obair chomhoibríoch.
- Is cumarsáid theoranta agus ag leibhéal bunúsach a dhéantar le baill eile an ghrúpa.

# Aguisín 1:

## Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo chun teacht leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth, le haghaidh teistiúchán agus gradaim Leibhéil 3, baineann an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fhaightear le forbairt phearsanta, rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal, fostaíocht agus rochtain ar bhreis oideachais agus traenála. .

| | |
|---|---|
| **Leibhéal CNC** | 3 |
| **Eolas**<br>***Fairsinge*** | Eolas atá measartha leathan ina raon. |
| **Eolas**<br>***Cineál*** | Coincréiteach ó thaobh tagartha den chuid is mó le tuiscint éigin ar an ngaol idir gnéithe eolais. |
| **Eolas agus fios gnó**<br>***Raon*** | Réimse bunúsach de scileanna agus d'uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a léiriú. |
| **Scil agus fios gnó**<br>***Roghnaíocht*** | Roghnú ó réimse teoranta gnásanna éagsúla; réitigh atá ar eolas a chur i bhfeidhm ar réimse teoranta fadhbanna intuartha. |
| **Inniúlacht**<br>***Comhthéacst*** | Gníomhú laistigh de réimse teoranta comhthéacsanna. |
| **Inniúlacht**<br>***Róle*** | Gníomhú faoi threoir le féinriar teoranta; feidhmiú le grúpaí aitheanta aonchineálacha. |
| **Inniúlacht**<br>***Foghlaim conas Foghlaim*** | Foghlaim conas foghlaim i dtimpeallacht atá dea-struchtúrtha. |
| **Inniúlacht**<br>***Léirstean*** | Freagracht theoranta a ghlacadh ort féin as comhsheasmhacht féintuisceana agus iompair. |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS

Sonraíocht le haghaidh **sa tSraith Shóisearach**

© 2014 Rialtas na hÉireann